

## An Turas Scoile

### Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Le 20 bliain anuas tá an céatadán leanaí sa tír seo a dhéanann an turas chun na scoile i gcarr tar éis dúbailt.

I gcásanna áirithe ní bhíonn an míle féin i bhformhór na dturas seo. Is ar an mbealach chun na scoile a bhíonn beagnach carr amháin as gach cúig cinn a bhíonn ar an mbóthar ag a 8:50 am. Gan amhras fágann sé seo go mbíonn an brú tráchta ag cruthú fadhbanna móra sna bailte agus ag geataí na scoile.

Dá mbeifí le siúl chun na scoile dhéanfadh sé leas don chomhshaol agus laghdódh sé an brú tráchta. Is chun tairbhe an duine féin é ó thaobh na sláinte, cúrsaí airgeadais agus go sóisialta fiú an carr a fhágáil sa bhaile.

Is deacair an nós laethúil a bhriseadh, go háirithe má cheaptar gurb é an rogha is éasca, is sábháilte agus is áisiúla é. Ach is iomaí ní is fiú a mheabhrú nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh an fiú an tairbhe an trioblóid na leanaí a thabhairt chun na scoile i gcarr.

#### Costas

- D'fhéadfadh costas ard a bheith leis na leanaí a thabhairt chun na scoile i gcarr. Caitheann teaghlaigh os cionn €400 sa bhliain ar an turas chun na scoile nuair a chuirtear costas an pheitрил agus an caitheamh ar an gcarr i gcoitinne san áireamh.

#### Sláinte

- Déanann an siúl leas dúinn: mura ndéanfadh duine ach aon mhíle amháin a shiúl go beo lúfar chun na scoile agus abhaile arís dhófadh sé thart ar 150 calra, chuirfeadh sé leis an só, dhófadh sé saill agus laghdódh sé an baol ó ghalar croí faoina leath beagnach. Chomhairfeadh sé freisin mar chuid den aclaíocht 30 nóiméad sa lá a theastaíonn ón duine fásta le bheith folláin.
- Tá sé á mholadh ag saineolaithe gurb é an bealach is fearr le meáchan a chailleadh agus a bheith folláin ná cleachtadh aclaíochta a d'fheilfeadh agus a mbeadh duine compordach leis a aimsiú, an siúl chun na scoile mar shampla. Ní bhaineann costas ar bith leis an siúl - ní gá íoc ar bhallaíocht i halla gleacaíochta ná an t-uafás éadaí líocra a chaitheamh.
- Tá níos mó agus níos mó fianaise ann anois go n-éiríonn níos fearr ar scoil le leanaí a bhíonn aclaí, folláin ná le leanaí eile sa rang céanna leo nach mbíonn aclaí. Bíonn na leanaí a théann chun na scoile de shiúl na gcos nó ar rothar níos réitithe don fhoghlaim nuair a théann siad isteach sa seomra ranga agus caitheann siad níos mó ama (suas le 4 huaire) ag luí isteach ar an obair ná na leanaí a thagann sa charr.

#### Saol sóisialta

- Téann an siúl chun na scoile chun tairbhe do shaol sóisialta an duine. Bealach maith é le bualadh le daoine agus le ham fiúntach a chaitheamh leis an leanbh. Is breá le leanaí casadh lena gcairde ar an turas chun na scoile.

#### A mbíonn ag teastáil ó na leanaí

- Is léir ón taighde gurb iad an rothaíocht agus an siúl an dá rogha is fearr le leanaí ar an turas chun na scoile. B'fhearr leis an bhformhór díobh a théann chun na scoile sa charr an turas a dhéanamh

de shiúl na gcos nó ar an rothar, agus is cosúil nach bhfuil na leanaí bunscoile go léir atá ina gcónaí in York agus a thugtar ar scoil sa charr ach i bhfoisceacht 15 nóiméad siúil nó rothaíochta den scoil.

- Ní bhuaileadh rud ar bith an siúl chun na scoile mar is deis é le casadh le cairde agus a bheith ag comhrá leo, a bheith amuigh faoin aer úr, roinnt aclaíochta a dhéanamh agus am a chaitheamh le mam, daid, mamó etc.

### **Sábháilteacht ar Bhóithre**

- Éiríonn le leanaí a mbealach a dhéanamh thart timpeall a n-áite féin agus piocann siad suas scileanna i dtaobh na sábháilteachta ar bhóithre agus seasfaidh sé sin go maith dóibh nuair a bheidh siad ag dul chun na meánscoile dá stuaim féin.